

Uimhreas: Ionadluach agus bonn a deich – Moltaí maidir le heispéiris foghlama páistí

Bíonn deiseanna ag an bpáiste chun

Tuiscint a fhorbairt agus ceangail a dhéanamh

- scileanna tobmheastóireachta agus meastacháin a fhorbairt trí oibriú le hábhair choincréiteacha éagsúla, m.sh., *dísle, frámaí deiceanna, scóir, tacair.*
- tabhairt faoi chluichí amhail ‘Níos Airde nó Níos Ísle’ chun luach uimhreacha 2 dhigit, uimhreacha 3 dhigit, deachúlacha, srl. a chur i gcomparáid le chéile ag baint úsáid as siombailí $<$, $>$ agus $=$.
- cluichí a imirt chun tuiscint ar ionadluach a threisiú (lena n-áirítear uimhreacha le deachúlacha), m.sh., *sealanna a ghlacadh ag rolladh roinnt dísle ceann ar cheann agus iad seo a chur ar chlár nodaireachta agus é mar sprioc an uimhir is airde/is ísle a bheith acu ar deireadh.*
- úsáid a bhaint as ábhair choincréiteacha amhail bloic bhonn a deich, cnaipí agus cláir nodaireachta, slata cuisenaire, srl. chun uimhreacha iomlána agus uimhreacha deachúla a chumadh agus a bhriseadh síos.
- fiosrú a dhéanamh ar bhunús an chórais bonn a deich, an chaoi a n-úsáidtear é inár saol laethúil agus na buntáistí a bhaineann leis seo dúinn.



- míniú a thabhairt ar conas a chinntear luach digite in uimhir, m.sh., *inis dúinn faoi luach gach uimhreach in uimhir 2/3/4/5 dhigit agus an chaoi a gcinntear na luachanna sin.*
- ábharthacht ‘10’ a phlé mar uimhir shuntasach sa chaoi a n-úsáidimid an mhatamaitic lenár ndomhan a thuiscint.
- cluichí uimhreacha a imirt amhail “Tabhair buille faoi thuairim faoi m’Uimhir”, m.sh., *tá 0 aonta ag m’uimhir, tá sé níos mó ná 380 agus má chuireann tú 2 dheich le 370, gheobhaidh tú an uimhir atá agam. Cén uimhir atá agam?*
- gníomhaíochtaí comhairimh chórúil a dhéanamh mar rang nó le grúpaí beaga, m.sh., *a bheith ag comhaireamh le chéile i ndeiceanna, 10anna, 100anna, 1000anna, srl. nó meascán díobh seo.*
- a bheith ag comhoibriú agus smaointe a roinnt maidir le léirithe uimhreacha, m.sh., *léirigh 455 ar an oiread bealaí agus is féidir leat ag baint úsáid as céadta, deiceanna agus aonta, €12 a dhéanamh ag baint úsáid as teaglamaí éagsúla bonn.*



Cumarsáid a dhéanamh

Réasúnaíocht a dhéanamh

- cóirithe éagsúla láimhseog a fhiosrú agus a phlé chun íomhánna meabhracha d’uimhreacha a spreagadh, m.sh., *20 cnaipe a shocrú in 2 bhabhla ar an oiread bealaí éagsúla agus is féidir leat.*
- fiosrú a dhéanamh ar na difríochtaí idir an córas bhonn a deich agus córais eile, m.sh., *córas bhonn a 60 atá i soicindí agus nóiméid, bíodh agus gur córas bhonn a 24 atá in uaireanta.*
- na céimeanna a bhaineann le slánú go dtí an 10, 100 nó 1000 is gaire a mhíniú agus sin bunaithe ar shuíomh na ndigití ábhartha.
- bealaí éifeachtúla a chosaint le 10anna, 100anna agus 1000anna a chur le huimhir ar leith a ríomh, m.sh., *agus 400 á chur le 1350, dirim ar an tríú digit ón deireadh (3) mar gheall...*
- a rogha athrú ó dheachúlacha go céatadáin (nó vice versa) i ndáil le hairíonna bhonn a deich a chosaint, m.sh., *chun an fhadhb seo a réiteach, d’athraigh mé 17% go 0.17 mar gheall...*
- aghaidh a thabhairt ar earráidí a dhéantar go coitianta agus iad ag athrú idir deachúlacha agus céatadáin, agus míniú a thabhairt i ndáil lena n-airíonna bhonn a deich, m.sh., *fíor nó bréagach, 1.5% = 1.5.*



- úsáid a bhaint as slánú go dtí an 10, 100, 1000, srl. is gaire mar chéim sa phróiseas réitigh fadhbanna agus tú ag obair le huimhreacha níos mó.
- eolas ar ionadluach agus bonn a deich a chur i bhfeidhm chun fadhbanna a bhaineann le patrúin uimhreacha a réiteach, m.sh., *850, _____, 700, 650; nó 1.1, 3.4, 5.7, 8.0, 10.3, _____.*
- eolas ar ionadluach a chur i bhfeidhm i gceart chun fadhbanna fíorshaoil a réiteach, m.sh., *sa léim fhada, léim John 3.45m, léim Páidí 3.89m agus léim Lucy 3.6m – cé a tháinig sa chéad/dara/tríú háit?*
- slánú a úsáid chun costais a bhaineann le buiséid le haghaidh imeachtaí ranga/scoile a phleanáil agus a ríomh go tapa, m.sh., *cóisir ranga, turas scoile, díolachán cístí a eagrú.*
- Páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí anailíse earráide ina scrúdaíonn siad an chaoi ina raibh míthuiscint ann faoi gníomhaíocht ionadluacha, m.sh., *dhá chéad agus a cúig = 250; 200 + 5 + 4 = 254.*



Cur i bhfeidhm agus fadhbanna a réiteach